Foilsithe ag an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
Teach an Gheata,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9

Guthán: 353 1 8842110
Facs: 353 1 8842111
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie
Láithreán líonra: www.cecde.ie

ISBN: 0954581539

© 2004 An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóite ag Profile Lithoprint Limited

Arna aistriú ag DCULS

Maoinithe ag Rialtas na hÉireann agus cistithe i bpáirt ag
an Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

Achoimre Feidhmiúcháin[1]

Tá an-lúcháir ar an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLO) an tuarascáil seo ar ár bpróiseas comhairliúcháin don earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLO) a chur i láthair. Is éard atá san fhoilseachán seo ná colláid de chomhthuairimí agus comhthaithí na hearnála mar a léiríodh dúinn ag sraith seimineár comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2003.

Is é an príomhfhócas a bhí ag na seimineáir chomhairliúcháin ná léargas agus peirspictíochtaí de gach lucht leasa san earnáil COLO a fháil maidir le hardchaighdeán. Lárluach den LFOLO is ea comhairliúcháin; mar atá luaite inár gClár Oibre, *"Consultation with stakeholders will be a crucial part of the process of developing quality standards"* (LFOLO, 2001: 4)

Sholáthair na seimineáir chomhairliúcháin faisnéis agus léargais thábhachtacha dúinn agus muid ag leanúint orainn ag cur Creatlach Náisiúnta um Ard-Chaighdeán (NFQ) le chéile do gach suíomh ina mbíonn leanaí ó bhreith go haois sé bliana. Ar na suímh sin áirítear nuair a thugtar aire do leanaí sa bhaile, nuair a thugann feighlí leanaí aire dóibh, nuair a bhíonn siad ag réamhscoileanna, grúpaí súgartha, grúpaí naíonraí, réamhscoileanna an Lucht Siúil, crèche, naíolanna agus na ranganna naíonán sna bunscoileanna.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLO)

Sa bhliain 2001 thug an tAire Oideachais agus Eolaíochta cuireadh d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach chun Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige a bhunú i gcomhar lena chéile. Seoladh an LFOLO i nDeireadh Fómhair 2002 chun forbairt agus comhordú a dhéanamh ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLO) in Éirinn de bhun na gcuspóirí a leagadh amach sa Pháipéar Bán '*Ready to Learn*' (DES, 1999).

Tá an réimse seo cuimsitheach, ag díriú ar gach suíomh cúraim agus oideachais do leanaí ó bhreith go haois sé bliana, ag cruthú naisc idir go leor deighiltí traidisiúnta mar shampla idir oideachas agus cúram agus idir suímh do luathbhlianta an linbh agus an córas foirmiúil oideachais.

Laistigh den chomhthéacs seo, is iad **cuspóirí** an Lárionaid (LFOLO, 2001) ná:

- creatlach ardchaighdeáin a fhorbairt d'oideachas luathóige;
- Idirghabhálacha spriocdhírithe a fhorbairt ar bhonn píolótach i gcás leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu; agus

[1] Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán atá faoi réir ag an gCreatlach Náisiúnta um Ard-Chaighdeán ar láithreán gréasáin an Lárionaid (www.cecde.ie). Áirítear air seo gach ionstraim taighde (teimpléad faisnéise, srl.) agus cur

- An bhunobair a réiteach chun Gníomhaireacht Oideachais na Luath-Óige a bhunú faoi mar a shamhlaítear sa Pháipéar Bán.

Is é príomhfheidhm an Lárionaid ná Creatlach Náisiúnta um Ard-Chaighdeán (NFQ) a tháirgeadh don COLO. Laistigh den NFQ, is féidir trí eilimint ar leith a aithint. Ar an gcéad dul síos, beidh sé le feiceáil ó thacar de chaighdeáin cén tuiscint a bhíonn againn ar ardchaighdeán do leanaí sa chomhthéacs Éireannach. Ar an dara dul síos, cuirfear le chéile córas cigireachta nó measúnachta chun a chinntiú go mbainfear ardchaighdeán amach agus go gcothófar é. Ar deireadh thiar, cuirfear infrastruchtúr le chéile agus cuirfear i bhfeidhm é chun tacú leo siúd a bhíonn ag obair in earnáil an COLO chun an ardchaighdeán atá leagtha amach sna caighdeáin a bhaint amach.

Taispeánann fíor 1 thíos na gnéithe a bhaineann leis an NFQ a chur le chéile. Tá *'A Conceptual Framework on how Young Children Develop and Learn in Ireland'* (CECDE, le foilsiú) sna céimeanna deiridh d'athbhreithniú. Táthar i mbun taighde sonrach a dhéanamh ag díriú ar ardchaighdeán in Éirinn agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus as seo tiocfaidh an beartas agus cleachtas is fearr chun cinn maidir le hardchaighdeán, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Soláthraíonn an taighde seo, lena raibh baint mhór ag cleachtóirí an COLO lena saineolas agus léargas, bunús daingean ar ar féidir ár gcaighdeáin náisiúnta ardchaighdeáin a bhunú.

Modheolaíocht

Agus iad ag oibriú i dtreo NFQ, glacann an LFOLO leis go bhfuil ról an-tábhachtach ag comhairliúchán leis an leas is fearr a bhaint as

Fíor 1: Gnéithe den Taighde a thacaíonn leis an NFQ



saineolas agus cleachtas gach lucht leasa in earnáil an COLO. Chuige sin, reachtáladh sé sheimineár comhairliúcháin i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Baile Átha Luain, Muineachán agus ar an gCeathrú Rua. Ba thrí mheán na Gaeilge a reachtáladh an seimineár deiridh ach cuireadh na cáipéisí ar fad ar fáil as Béarla agus as Gaeilge ag gach seimineár. Tugadh an conradh do chuideachta taighde ar a dtugtar *Red C Research*, chun anailís a dhéanamh ar shonraí a tháinig ó na seimineáir.

Baineadh úsáid as bunachair shonraí agus teagmhálacha pearsanta an Lárionaid chun poiblíocht a dhéanamh ar na seimineáir chomhairliúcháin agus chun aird a tharraingt ar an saoráid ghréasáin. Scaipeadh bileoga ar bhrateagraíochtaí agus ar eagraíochtaí ionadaíochta ar fud na tíre, ag súil go leathnófar an eolas amach ar a mball. Cuireadh fógraí amach ar stáisiúin raidió áitiúla cuí agus rinne baill foirne agallaimh ar chláir nuachta agus cúrsaí reatha. Cuireadh faisnéis faoi na seimineáir in irisleabhair oideachasúla cuí. Tugadh bileoga agus eolas faoin gcomhairliúchán do mhúinteoirí naíonán i mbunscoileanna a bhí i gceantair i ngarr do na trí sheimineár deiridh a bhí ar siúl. Ar dtús socraíodh dáta críochnaithe 5 Nollaig don phróiseas comhairliúcháin, ach cuireadh síneadh ama leis go dtí 5 Eanáir chun ligean do níos mó den lucht leasa a bheith páirteach tríd an láithreán gréasáin a úsáid agus trí na teimpléid faisnéise a cuireadh chucu a sheoladh ar ais.

Bunaíodh saoráid ar láithreán gréasáin an Lárionaid (http://www.cecde.ie) ionas go mbeadh sé ar chumas lucht leasa nach raibh in ann freastal ar na seimineáir an teimpléad faisnéise a líonadh amach agus a chur isteach ar-líne. Lena chois sin, seoladh amach teimpléid faisnéise, a cuireadh le chéile chun sonraí a bhailiú le linn na gcomhairliúcháin, ar baill dár gCoiste Comhairliúcháin[2] le bheith líonta amach ag baill na heagraíochta dó a sheasann siad agus le bheith seolta ar ais sa phost. Ghlac mic léinn a bhí ina mbliain deiridh den BA i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath páirt sa taighde freisin.

Roghnaíomar próiseas taighde comhoibritheach/rannpháirtíocht maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin ar chúpla cúis. Ar

[2] Mar chuid dá dtiomantas do chomhairliúchán, d'fhorbraigh an LFOLO Coiste Comhairliúcháin in 2003 chun comhairle agus treoir a thabhairt dó ina gcuid oibre. Faoi láthair, tá an coiste déanta de 48 lucht leasa in earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige.

dtús, táirgeadh lear mór sonraí taighde don LFOLO nuair a cuireadh le chéile teimpléid faisnéise na rannpháirtithe thar thréimhse ama an fhad is a bhíodar i mbun cainte spreagthaí agus gníomhaí.

Is foinse an-luachmhar é seo dúinn d'ábhar agus muid ag cur creatlaí ardchaighdeáin le chéile. Ar an dara dul síos, sabhraíonn an modh taighde seo eolas an rannpháirtí chomh maith le faisnéis ar ardchaighdeán a ghnóthú. Tugtar deis do thoscairí ag an seimineár dul i mbun cainte laistigh de ghrúpaí, déanta suas de dhaoine a thagann as cúlraí éagsúla. Thug sé seo áit do dhioscúrsa agus do shaineolas a roinnt thar ghairmeacha, disciplíní agus cúlraí éagsúla. Ar an tríú dul síos, bhí seisiúin aiseolais ag deireadh na seimineár agus cuireadh na saincheisteanna a ardaíodh laistigh de na grúpaí os comhair lucht éisteachta níos leithne, agus bhí deis ann freisin na saincheisteanna agus na húdair imnía bhí coitianta a thabhairt i gcrích. Chomh maith leis sin, chuir na seimineáir fóram ar fáil le teagmhálacha a dhéanamh agus le próifíl go leor d'eagraíochtaí an lucht leasa laistigh den earnáil a mhéadú. De ghnáth ní bheadh deis ag baill na n-eagraíochtaí teacht le chéile ar bhonn rialta chun saincheisteanna i dtaobh chomhúdair imní a phlé. Reáchtáladh gach seimineár sa tráthnóna chun freastal ar rannpháirtithe a bheadh gnóthach le cúrsaí oibre nó teaghlaigh i rith an lae. Cuireadh sólaistí ar fáil le linn an phróisis chlárúcháin agus thug sé seo deis do na rannpháirtithe teagmhálacha a dhéanamh agus tuairimí a roinnt. Cuireadh rannpháirtithe isteach i ngrúpaí measctha d'aon ghnó (toscairí ó chúlraí gairmiúla éagsúla) chun an dioscúrsa a shaibhriú. Ansin thosaigh na seimineáir le dhá chur i láthair ghairide; an chéad cheann faoi bhunús agus dul chun cinn an LFOLO agus an dara ceann ag cur síos ar réasúnaíocht agus leagan amach na hoíche. Ansin bhog toscairí isteach sna grúpaí díospóireachta a bhí curtha in áirithe dóibh; bhí éascaitheoir ar an eolas i ngach grúpa chun a chinntiú go bhfaigheadh na rannpháirtithe uile deis a gcuid dearcaí a nochtadh. Cuireadh amach teimpléid faisnéise i measc na ngrúpaí agus cuireadh le chéile sonraí cúlra/deimeagrafacha ar dtús.

I ndiaidh do gach duine a bheith curtha in aithne dá chéile dhírigh an grúpa díospóireachta ar thrí phríomhcheist:

1. Cén chiall a bhaineann tusa as an téarma '**ardchaighdeán**' i gcúram agus in oideachas na luathóige?

2. Céard iad na bealaí is éifeachtaí, i do thuairimse, chun **ardchaighdeán** i gcúram agus in oideachas na luathóige **a mheasúnú**?

3. Cén **tacaíocht** a theastaíonn uait chun ardchaighdeán a bhaint amach agus a chothú i gcúram agus in oideachas na luathóige?

Tugadh timpeall fiche nóiméad do gach ceist agus choinnigh na rannpháirtithe taifead dá dtuairimí agus dá léargas ar an teimpléad faisnéise i rith an ama seo agus san am a ceadaíodh ag deireadh an tseisiúin díospóireachta. Ina dhiaidh sin, chuir éascaitheoir gach grúpa aiseolas i láthair an ghrúpa iomláin, ag tarraingt airde ar na saincheisteanna tábhachtacha a ardaíodh laistigh dá ngrúpaí, faoi seach. Chríochnaigh an seimineár agus na rannpháirtithe ag líonadh isteach measúnú den seimineár comhairliúcháin ar an iomlán, ag soláthar faisnéise luachmhaire don LFOLO agus iad i mbun comhairliúcháin a phleanáil sa todhchaí. Rinne *Red C Research* na teimpléid faisnéise a bailíodh ó na seimineáir chomhairliúcháin a chódú agus a anailísiú.

Táimid an-bhuíoch do na rannpháirtithe ar fad, a tháinig as cúlraí éagsúla agus ag a bhfuil leasanna difriúla, a ghlac an t-am le haghaidh a gcuid saineolas agus léargas a roinnt linn. Chabhraigh na rannpháirtithe go léir le cur le chéile NFQ do shuímh uile an COLO in Éirinn maidir le réimse mór téamaí, lena n-áirítear oiliúint agus cáilíochtaí, rannpháirtíocht tuismitheoirí, trealamh agus ábhair, curaclaim agus modheolaíocht. Tá an LFOLO tiomanta do chomhairliúchán leanúnach leis an earnáil mar a tháirgtear an chreatlach agus mar a dhéantar í a phíolótú.

Torthaí

Níl torthaí anailíse na teimpléid faisnéise carnach mar gur spreagadh na rannpháirtithe le freagraí ilroghanna a thabhairt ar gach ceist. Glacann na torthaí le guthanna na rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin chun a gcuid úinéireachta ar an bhfaisnéis seo a threisiú. Dá bhrí sin, nuair a b'fhéidir, léiríodh na freagraí le sleachta díreach amach as aiseolais na rannpháirtithe.

Próifíl na Rannpháirtithe
Ghlac 387 toscaire páirt sna seimineáir chomhairliúcháin. Bhí éagsúlacht mhór daoine i láthair. Ba mná (95%) iad mórchuid na rannpháirtithe agus bhí cothromaíocht mhaith idir chúige agus uirbeach:tuaithe ann (56%: 40%). Bhí an tinreamh ab fhearr i gceantair uirbeacha Bhaile Átha Cliath (26%), Corcaigh (18%) agus Gaillimh (15%) (Cathair na Gaillimhe agus An Cheathrú Rua), agus chríochnaigh 11% de na freagróirí an teimpléad faisnéise ar-líne. Ar na toscairí bhí cleachtóirí/múinteoirí (43%), mic léinn (29%), tuismitheoirí/caomhnóirí (28%), oideoirí aosaigh (15%) agus forbróirí beartais (11%). Dá bhrí sin, sheas na toscairí do réimse leathan suímh agus comhthéacsanna do COLO. Is é an cur chuige/fealsúnacht oideolaíoch a d'úsáid an chuid is mó de rannpháirtithe ná modh an Montessori (20%), agus ina dhiaidh bhí curaclam súgradh-bhunaithe (17%) agus Ard-Scóip (15%). Lena chois sin, níor thug 29% de na freagróirí le fios an úsáideann siad cur chuige/fealsúnacht oideolaíoch.

Labhair go leor rannpháirtithe faoi luach na seimineár maidir leis an deis a fháil saineolas agus dearcaí a roinnt le daoine eile as cúlraí difriúla agus éisteacht le scéalta na ndaoine seo freisin, go minic den chéad uair. Chuir sé seo go mór leis an aiseolas ar na teimpléid faisnéise agus bhí spreagadh le fáil ón méid comhaontú a bhí ann ar go leor saincheisteanna tábhachtacha agus na cosúlachtaí a bhí eatarthu.

1. Ardchaighdeán a Shainmhíniú

Sa réimse a bhaineann le hardchaighdeán a shainmhíniú, tháinig go leor freagraí éagsúla chun cinn, rud a léirigh chomh deacair is a bhí sé míniú a thabhairt ar ardchaighdeán i gcomhthéacs na hÉireann. In ainneoin sin, léirigh anailís théamúil go raibh catagóirí faoi leith ann, mar a léirítear i bhFíor 2 thíos. Is éard atá sna athfhriotail ná gach rud a dúirt na rannpháirtithe focal ar fhocal ag na seimeaneáir chomhairliúcháin.

Ba í an **Timpeallacht** ina mbíonn an leanbh an phríomhfhreagra a tugadh. Thug 66% de na toscairí suntas di. Tá baint aige seo le roinnt eilimintí sa timpeallacht ina bhfuil siad, eilimintí a bhfuil baint acu le hathróga statacha agus le hathróga dinimiciúla. Luaigh a lán de na freagróirí soláthar spáis a bheadh sábháilte, glan agus te don leanbh. Rud eile a luaigh go leor de na toscairí ná na buntáistí a bheadh ag baint le háit spraoi amuigh faoin aer agus atmaisféar feiliúnach.

"Quality is also in this instance, about providing an environment that complements and supports the home, safety yes, but important that there are opportunities for risk - not sanitised."

Fíor 2: Ardchaighdeán a Shainmhíniú



Bhain an dara eilimint ba choitianta den chomhaontú i gcás sainmhíniú a thabhairt ar ardchaighdeán i measc na bhfreagróirí leis an tseirbhís a bheith **Leanbh-Lárnach** (65%). Baineann sé seo le gach leanbh a aithint agus a luacháil mar dhuine aonair agus an gá atá ann a bheith ag obair i dtreo na riachtanas sin a bhaint amach. Cuireadh béim faoi leith ar fhorbairt gnéithe uile an linbh, eilimintí fisiciúla, intleachtúla, mothúchánacha agus sóisialta ina measc.

"Daily experience of the child feeling they belong, they are valued, and they are supported in their interests."

Bhí **Saincheisteanna Foirne** le fáil i 62% de na freagraí. Tá baint aige seo le hoiliúint agus cáilíochtaí na foirne atá ag obair le leanaí ag gach leibhéal . Bhí saintréithe na bhfoirne thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs cúraim agus oideachais na leanaí.

"Cáilíochtaí cuí i gcúram leanaí a bheith ag na Stiúrthóirí."

Bhí an **Curaclam** nó an **Clár** atá in úsáid ag teacht chun cinn go minic sna freagraí, agus luaigh 55% de na toscairí é. Cuireann sé seo san áireamh úsáid na ngnáthamh, na struchtúr agus na modheolaíochtaí sainmhínithe a úsáidtear sa suíomh sin, a fhorbraíonn de réir mar a athraíonn riachtanais indibhidiúla na leanaí agus a gcuid cumais.

"Services should be clear on their goals and objectives and methods of educating and should have written assessments regularly of these."

Gné d'ardchaighdeán a shainmhíniú a tháinig chun cinn i measc 38% de na freagróirí ná **Rannpháirtíocht Tuismitheoirí**. Bhí baint aige seo le freastal ar riachtanais na dteaghlach trí fhíorchomhpháirtíocht agus comhpháirtíocht chomhsheasmhach.

"Parents are the child's first educators and that the child's development is best supported when service providers work closely with parents."

Bhí an saincheist a bhain le **Caighdeáin** agus le **Sárchleachtas** luaite ag 33% de na toscairí, agus ina measc sin bhí forbairt fealsúnachtaí, beartas, gnáthamh agus cuntas a choinneáil maidir le gach uile ghné den suíomh. Cuireann sé seo cur i bhfeidhm, athbhreithniú agus forbairt ar bhonn leanúnach san áireamh chomh maith.

"Any services that purports to be a quality service must demonstrate evidence of and an articulation of the values governing the service."

Bhí soláthar **Trealaimh, Ábhar agus Acmhainní** feiliúnacha do riachtanais gach linbh soiléir i bhfreagraí 30% de na rannpháirtithe. Tá baint aige seo le gnéithe uile an tsuímh, ó struchtúr agus leagan amach ceart an fhoirgnimh go dtí an réimse acmhainní atá á chur ar fáil don leanbh atá ag forbairt.

"Providing a high quality environment with equipment, materials, activities and interactions appropriate to their age and stage of development."

Ba é tuairim 27% de na freagróirí ná go raibh **Idirghníomhaíochtaí Aosaigh/Linbh** mar chuid lárnach den sainmhíniú ar ardchaighdeán. Is éard atá i gceist le seo ná am faoi leith a chaitheamh le gach leanbh chun éisteacht leo, tacaíocht a thabhairt dóibh agus

idirghníomhaíocht a dhéanamh leo. Is féidir leis seo a bheith faoi stiúir an duine fásta nó an linbh.

"Quality: is the relationship between child and adult."

Bhí **Meas ar an Éagsúlacht** á chur chun cinn ag 24% de na freagróirí mar eilimint den sainmhíniú ar ardchaighdeán. Ba choincheap uilechuimsitheach é. Ní amháin go raibh eilimintí á chur san áireamh a bhain le cine, le cúrsaí eitneacha, le cúrsaí teangeolaíochta agus le cúrsaí creidimh, ach bhí an gá le meas a bheith ar na leanaí ar fad agus ar a dteaghlaigh san áireamh freisin, beag beann ar a n-imthosca.

"Quality early childhood care and education is possible where diversity is acknowledged, affirmed and respected and where children are treated individually rather than the same and not excluded or disadvantaged on any ground."

Luaigh 24% de na freagróirí an réamhriachtanas **d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil** maidir le hardchaighdeán a chinntiú. Bhí baint aige seo le deiseanna a chur ar fáil do phearsanra le gach leibhéal cáilíochta i ngach uile ghné den COLO cineálacha éagsúla cúrsaí, ceardlanna agus deiseanna oiliúna a dhéanamh .

"Quality is about how staff receive in-service to extend and expand their skills and their own learning. How staff are supported."

Rinne 10% de na freagróirí tagairt d'fhorbairt **Líonraí agus Naisc** mar rudaí a bhí tábhachtach chun seirbhís d'ardchaighdeán a chinntiú. Bhí sé seo ann chun roinnt agus scaipeadh eolais a éascú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

"Policy & procedures in place thru consultation and sharing of best practice."

Sa chatagóir **Eile** (19%) ní raibh baint dhíreach ag na freagraí le ceist an ardchaighdeáin, ach bhí baint acu le ceisteanna áitiúla maidir le forbairt COLO (mar shampla, pleanáil nó deacrachtaí a bhaineann le cistiú). Níor theip ach ar 1% de na toscairí an cheist seo a fhreagairt.

2. Ard-Chaighdeán a Mheas

Maidir le hardchaighdeán a mheas, thaispeáin anailís théamúil na deich gcatagóir atá léirithe thíos i bhFíor 3.

Bhí an líon is mó freagróirí (46%) dírithe ar **Chomhairle agus**

Fíor 3: Ardchaighdeán a Mheas



Tacaíocht Sheachtrach maidir le hardchaighdeán a mheas. Tá na cigireachtaí réamhscoile atá ag feidhmiú faoi láthair á chur san áireamh sa chatagóir seo, ach bhí an fócas dírithe ar an tacaíocht seachas ar an gcigireacht i gcás a leithéid de sheirbhísí. Bhí béim faoi leith á leagan ar oiriúnacht an phearsanra a bhí ag cur an tacaíocht sheachtrach ar fáil. I measc na saintréithe tábhachtacha a bhí ag teacht chun cinn bhí taithí fhairsing agus cáilíochtaí in earnáil COLO. Saintréith shuntasach eile a bhí ag teacht chun cinn sna freagraí ná fógairt ar na cigirí féachaint thar an timpeallacht fhisiciúil agus díriú ar ardchaighdeán chúraim agus oideachais.

"Tábhachtach go mbeadh saineolaithe a thuigfidh forbairt an pháiste agus iad cáilithe dá réir."

Luaigh 44% de na toscairí **Measúnú Inmhéanach**. Tá baint aige seo le measúnú rialta leanúnach agus féinmheasúnú laistigh de na seirbhísí sin. Bhí baint ag plé, pleanáil agus luacháil ar mheasúnú i gcomhthéacs an cleachtais fhéinmhachnamhach i measc na mball foirne ar fad. Thug na rannpháirtithe ar aird an méid ama a bhí ag teastáil chun an cineál seo measúnú a chur i bhfeidhm agus

an gá a bhí ann chun uirlisí féinmheasúnaithe a fhorbairt laistigh den suíomh seo.

"Assisting practitioners to self-assess by discussion, planning, evaluation and re-planning - a cycle of reflective practice."

Thuairisc 41% de na freagróirí dearcadh an lucht leasa, go háirithe **Peirspictíochtaí Tuismitheoirí** ar sheirbhís, mar mhodh tábhachtach chun measúnú a dhéanamh. Luaigh toscairí chomh toilteanach agus a bhí tuismitheoirí an tseirbhís a úsáid agus chomh sásta agus a bhí siad le sonas a leanaí, mar tháscairí tábhachtacha ar ardchaighdeán. Ina theannta sin, moladh go mbeadh ceist á chur ar thuismitheoirí foirmeacha measúnachta a chomhlánú maidir leis an tseirbhís. Bheadh athruithe agus modhnú á dhéanamh bunaithe ar na foirmeacha comhlánaithe sin.

"I feel the most effective way of assessing quality is the feedback we have every year from parents. If you offer a service where parents are happy and their child is happy and content then word will spread of the great service available."

Luaigh 37% de na toscairí **Forthorthaí i Leanaí** mar chineál measúnaithe i rith reáchtáil na seimineár. Tá baint aige seo le measúnú agus luacháil ar bhonn rialta a dhéanamh ar fhorbairt gach linbh, agus déantar é seo a scríobh agus a thaifead ar bhonn leanúnach. Tá baint aige seo le gnéithe uile a bhaineann le forbairt an linbh, agus ina measc sin tá gnéithe fisiciúla, teangeolaíocha, cognaíocha agus mothúchánacha.

"Children differ in terms of abilities, cultures, life experiences and learning styles. Knowledge of and sensitivity to difference and individual interests on the part of practitioners is essential for quality care."

Thug 31% de na freagróirí ar aird go raibh tábhacht ag baint le **hÍoschaighdeáin** i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar ardchaighdeán. D'fhéadfaí a leithéid de dhoiciméid a aithint nó fiú a bhunú go náisiúnta ar shárchleachtas agus athbhreithniú a dhéanamh orthu ag tréimhsí éagsúla. Laistigh de shuímh áirithe, d'fhéadfaí seicliostaí faoi na leanaí ar fad a chomhlánú go rialta, a dhéanfadh léargas ar ardchaighdeán na seirbhíse a bhí á sholáthar. Sa chatagóir seo freisin tá na beartais a bhaineann leis an suíomh maidir lena lán gnéithe éagsúla, cosúil le clárú, éagsúlacht agus sláinte agus sábháilteacht.

"Have policies on quality, so everyone knows what is expected and what they are required to provide."

Luaigh 26% de na toscairí an ghné a bhain le **Foireann Cháilithe agus Foireann le Taithí**. Chomh maith le bheith in ann teacht ar oiliúint tosaigh agus ar cháilíochtaí, cuireann sé soláthar rialta agus leanúnach d'fhorbairt ghairmiúil chun cinn trí chúrsaí inseirbhíse. Dearbhaíodh ardchaighdeán na foirne mar ghné a bhí fíorthábhachtach, de bhua na n-idirghníomhaíochtaí le páistí ar bhonn laethúil. Bhí an gá atá le hoiliúint chaighdéanach san earnáil ar fad, a bheadh cruthú conaire gairme nua agus próiseas ardaithe céime mar thoradh air, suntasach freisin.

"In order to assess quality in ECCE are needs to look at the links between quality in provision of services and quality in provision of training."

Luaigh 19% de na rannpháirtithe **Áitreabh, Timpeallacht agus Acmhainní** mar rudaí a bhí thar a bheith tábhachtach i leith measúnú a dhéanamh ar ardchaighdeán. Cuirtear san áireamh anseo chomh feiliúnach is atá an t-áitreabh go fisiciúil agus a leagan amach, chomh maith leis an atmaisféar a chruthaítear ann. Tá gá ann go mbeadh an t-atmaisféar a chruthaítear te, sábháilte agus saor ó strus. Bhí an méid spáis a bheadh le fáil, taobh amuigh agus taobh istigh le haghaidh spraoi agus gníomhaíochtaí eile ag teacht chun cinn mar ghné shuntasach freisin. Bhí tábhacht ollmhór ag baint le trealamh, acmhainní agus troscán (cosúil le hábhair spraoi, leabhair srl.) a bhí in úsáid taobh istigh den suíomh, chomh maith le chomh héasca is a bhí sé teacht orthu, agus chomh feiliúnach agus chomh ábhartha is a bhí siad d'aois agus don staid ina raibh an leanbh ag an am áirithe sin.

"The Atmosphere. Hear the Children. The Environment - Bright and airy, free space, child sized, natural materials, specific areas, safe."

Luaigh 18% de na toscairí an **Curaclam agus an Clár** a bhí i bhfeidhm laistigh de na suímh mar rud a bhí thar a bheith tábhachtach i gcás measúnú a dhéanamh ar ardchaighdeán. Tá baint aige seo leis na gnáthaimh agus na modhanna a úsáidtear laistigh den suíomh a chur in iúl agus le fáil amach cé chomh feiliúnach is atá siad do na leanaí. Bhí a lán de na freagróirí dáiríre go

mbeadh solúbthacht mar cheann de na tréithe dúchasacha den churaclam nó den chlár sna blianta tosaigh.

"Clear curriculum with regular inspections from an appropriate authority ensuring implementation."

Thug 16% de na freagróirí ar aird na dearcaí leanaí i bhfoirm **Aisfhotha Leanaí**. Is éard atá i gceist leis seo ná éisteacht le héispiris na bpáistí laistigh de shuímh agus iad siúd a úsáid mar mhodh le hardchaighdeán a mheas. Chomh maith leis sin, is féidir monatóireacht a dhéanamh air trí fhéachaint ar thoilteanas na leanaí teacht ar ais gach lá agus ar cé chomh sásta is atá siad laistigh den suíomh.

"You can assess quality by asking children how they feel while in the service. One can also see if the child is happy being left there. Babies can be assessed by observations done at various times throughout the day."

Ba é tuairim 11% de na rannpháirtithe go raibh **Idirghníomhaíochtaí Aosaigh/Linbh** mar chuid lárnach de mheasúnú an ardchaighdeáin. Is éard atá i gceist leis seo ná na hidirghníomhaíochtaí go léir laistigh den suíomh seo, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí idir aosaigh agus leanaí, agus idirghníomhaíochtaí idir leanaí a bhí curtha chun cinn ag aosaigh.

Baineann sé sin leis an saghas teanga a úsáidtear, méid na teagmhála súl atá ann agus cumas éisteachta na foirne.

"Observation would be the most effective way of assessing quality. Observations between staff and children, staff and staff, staff and parents."

Laistigh den cheist seo, bhí 101 (26%) de na freagraí san aicme **Eile**. Níor fhreagair 40 (10%) de na toscairí an cheist seo.

3. Tacaíocht a Thabhairt d' Ard-Chaighdeán

Maidir le hardchaighdeán a thacú, mhol na rannpháirtithe roinnt áiseanna/cúnaimh chun a chinntiú go mbainfear amach ardchaighdeán i COLO agus go gcothobhálfar é. Nocht próiseas d'anailís théamúil na catagóirí a léirítear i bhFíor 4.

Is í an phríomhthacaíocht maidir le hardchaighdeán a luaigh na freagróirí ag na seimineáir chomhairliúcháin ná **Cistiú agus Tacaíocht Airgid**. Luaigh 58% de na toscairí é. Mhol freagróirí roinnt slite inar féidir é sin a éascú, lena n-áirítear cistiú díreach le haghaidh cúraim leanaí, deontais chaipitil, deontais chaipitíochta, saorthaí cánacha agus creidiúintí cánach le haghaidh tuismitheoirí.

Fíor 4: Tacaíocht a thabhairt d'Ard-Chaighdeán



"High quality provision will not come cheap. Support will have to be put in place. The emphasis should be on improvement rather than grading and competition which in my view is counter productive."

Mhol 46% de na freagróirí **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach** mar thacaíocht. An rud a bhí i gceist leis sin ná go mbeadh rochtain ag cleachtóirí ar oiliúint agus ar fhorbairt leanúnach a d'oirfeadh dá gcuid oibre agus dá gcuid tiomantas pearsanta. Chun an sprioc sin a bhaint amach, bheadh gá le ham scaoilte ón obair chomh maith le soláthar cúrsaí modúlacha nó páirtaimseartha.

"Everybody needs ongoing in-service training to examine and explore on an ongoing basis all areas involved in childcare and education."

Luaigh 45% de na toscairí saincheist a bhaineann go dlúth le téama na Forbartha Gairmiúla Leanúnaigh, is í sin **Oiliúint agus Cáilíocht na Foirne**. Is éard atá i gceist le seo ná rochtain ar dheiseanna oiliúna don fhoireann ag leibhéal na réamhseirbhíse, agus cúrsaí a chur ar fáil a rachaidh ar aghaidh chuig cáilíochtaí creidiúnaithe agus caighdeánaithe. Leis an gcineál sin d'infrastruchtúr oiliúna, bheifí in ann conair gairme a chruthú a mheallfadh

agus a choinneálfadh cleachtóirí óga agus a threiseodh an t-aitheantas nua atá ag teacht chun cinn san earnáil.

"If staff have had appropriate training children are more likely to get quality experiences and further their development."

Dar le 43% de na freagróirí, ba chuid thábhachtach de thacú an ardchaighdeáin é **Líonrú agus Meantóireacht**. Is éard a bhí i gceist leis sin ná faisnéis a roinnt agus a scaipeadh idir eagraíochtaí ag leibhéal logánta agus náisiúnta. Chomh maith le sin, moladh go dtrasnódh an líonrú sin na deighiltí traidisiúnta gairmiúla agus earnála, agus go n-áireofaí lucht leasa iomlán COLO.

"Visits should be from people with a background in child development in childcare rep locally who has knowledge of individual providers and their setting who would help with grant forms."

Dar le 27% de na toscairí, is cuid thábhachtach den struchtúr tacaíochta don ardchaighdeán go mbeadh **Caighdeáin, Treoirlínte, Rialacháin agus Curaclam** ann. Léireoidh siad go soiléir laistigh den suíomh, na híoschaighdeáin inghlactha, agus léireoidh siad freisin leagan amach curaclaim nó cláir laistigh den suíomh sin. Bhíothas ag iarraidh freisin go ndéanfar comhréitiú ar an earnáil, ionas go mbeadh na rialacha agus na caighdeáin chéanna i bhfeidhm ar gach suíomh ina mbíonn leanaí ó bhreith go haois sé bhliana.

"A clear, concise outline of the quality requirements to be given to all services so every service is on an equal footing."

Dá mbeadh Acmhainní agus Trealamh (25%) curtha ar fáil, cabhróidís le cinntiú go mbeadh timpeallacht fhisiciúil ann a bheadh spreagthach go hoideachasúil agus go haeistéitiúil, agus go mbeadh trealamh agus acmhainní cuí ag gach leanbh cibé aois nó céim ag a mbeadh siad.

"Postéirí trí Gaeilge ag plé ábhar le haghaidh réamhscolaíocht."

Bhí baint ag **Tacaíocht Rialtais agus an Tiomantas Polaitíochta** a bhí ann i COLO leis an aitheantas atá tugtha anois don tábhacht a bhaineann leis na luathbhlianta i mbeartas agus i gcleachtadh an rialtais, agus tháinig feabhas ar na leithdháiltí agus an tosaíocht a tugadh dó dá bharr (23%). Chomh

maith le sin, bhíothas ag iarraidh go gcuirfear na beartais atá leagtha síos nó daingnithe ag an rialtas cheana féin i gcrích. Bhí toscairí ag iarraidh freisin go mbeadh níos mó comhordú idir ranna an rialtais agus na heagraíochtaí a dhéileálann le COLO.

"A political and national will to care about what children experience in services."

Luaigh 20% de na freagróirí **Faisnéis a Bheith ar Fáil** mar thacaíocht lárnach. Cuireadh san áireamh eolaire seirbhísí agus cabhairlíne theileafóin le faisnéis faoi gach gné den ardchaighdeán a sholáthar agus a scaipeadh don lucht leasa go léir. Méadódh sé sin próifíl COLO go náisiúnta trí sheimineáir, trí comhdhálacha agus trí chaidreamh poiblí. Thug toscairí a d'fhreastal ar an seimineár ar an gCeathrú Rua ar aird go raibh gá ann go mbeadh an chomhairle agus an tacaíocht sin ar fáil go héasca trí Ghaeilge.

"Tacaíocht ó thaobh teanga – na séirbhísí ar fad a bhaineann le naíonraí a bheith ar fáil trí Ghaeilge, mar shampla, téiripe cainte, daoine ón mBord Sláinte srl."

Chreid 19% de na toscairí go raibh **Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Pobail** mar thacú ríthábhachtach le hardchaighdeán a bhaint amach agus a chothabháil i suímh COLO. Dar leis na freagróirí, chun é sin a éascú, bheadh gá le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí chun cabhrú leo bheith gníomhach sa rannpháirtíocht sin.

"Parents and families need to be appreciated and their opinions taken into account."

Thug 13% de na freagróirí tosaíocht do sholáthar **Am le hObair Foirne** laistigh de shuímh COLO. Bheadh an t-am sin curtha i leataobh i rith an lae oibre chun pleanáil, plé agus breathnóireachtaí leis an bhfoireann a éascú. Chomh maith le sin, cabhródh an t-am sin le líonrú níos leithne a dhéanamh agus le naisc a chruthú le heagraíochtaí agus le suímh eile sa cheantar áitiúil..

"Need constant meetings in settings to ensure all workers are striving to the same high quality and standards."

Bhí 22% de na freagraí san aicme **Eile**. Níor fhreagair 10% de na toscairí an cheist seo.

Tátail agus Moltaí
Léirigh an comhairliúchán a rinneadh ar cheisteanna a bhaineann le hardchaighdeán in COLO go bhfuil acmhainn luachmhar de thaithí agus de shaineolas ann agus gur féidir leis tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an NFQ agus eolas a sholáthar dó. Bhí rannpháirtithe sna seimineáir in ann a smaointe a chur in iúl, bhí siad ar an eolas agus thug siad moltaí úsáideacha. D'fháiltigh siad i gcoitinne leis an riachtanas a bhí ann le NFQ a chur i bhfeidhm agus lena fhorbairt.

Nocht sintéis de na freagraí a rinneadh ar na trí phríomhcheist a bhain le hardchaighdeán roinnt phríomheilimintí ardchaighdeáin ar cheart do ghníomhaíochtaí forbartha fócasú orthu. Tháinig roinnt téamaí trasnúla amach as an anailís thánaisteach. Tá siad curtha i láthair anseo thíos, le roinnt moltaí sonracha le haghaidh forbartha an NFQ. Níl na heilimintí sin curtha in ord ordlathach. Tá siad idirghaolmhar agus idirspleách agus caitear an méid céanna aird a thabhairt do gach ceann acu.

1. Peirspictíochtaí ar Ard-Chaighdeán
Is léir ó anailís na dteimpléid aiseolais go roinneadh réimse leathan de thuairimí, de dhearcaí agus de chomhairle sa phróiseas comhairliúcháin seo. Is acmhainn luachmhar é scóp leathan agus domhain na peirspictíochta sin ar son cúraim agus oideachais luathóige in Éirinn, agus níor cheart go gcaillfear é is an NFQ á fhorbairt agus á chur i gcrích.

Tá an t-ardchaighdeán in Éirinn ann laistigh d'éagsúlacht ollmhór de pheirspictíochtaí, d'fhealsúnachtaí agus de chleachtais a bhíonn dinimiciúil agus a bhíonn ag fás i gconaí. Mar sin, caitear go mbeadh na táscairí ardchaighdeáin nó na caighdeáin féin solúbtha go leor le go mbeadh siad in ann freastal ar na saintréithe sin.

2. Timpeallacht
Baineann formhór na bhfreagraí faoin cheannteideal seo le timpeallacht máguaird an linbh. Baineann na moltaí leis na spásanna fisiciúla i dtéarmaí spáis, leagain amach, dearaidh, compoird, sábháilteachta agus sláinteachais, laistigh agus lasmuigh. Comhaontaítear gur cheart go mbeadh an timpeallacht shásúil go haeistéitiúil, go mbeadh sí fáiltiúil agus go mbeadh cothromaíocht ann idir riachtanais sábháilteachta agus sláinteachais, agus deiseanna a thabhairt do leanaí taithí a fháil ar "riosca sábháilte", rud a thacaíonn lena bhforbairt optamúil.

Ba cheart forbairt a dhéanamh ar shraith d'íóschaighdeáin maidir le nádúr na timpeallachta i suímh COLO, agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm i ngach imthoisc ina mbíonn leanaí (0-6). Ba cheart dóibh a bheith fréamhaithe go daingean i dtaighde agus i sárchleachtas maidir le forbairt leanaí, ba cheart dóibh reachtaíocht agus treoirlínte reatha cuí a chumhdach agus ba cheart dóibh glacadh le sárchleachtas reatha faoi mar a léirítear i gcláir dhearbhú feabhais atá bunaithe cheana féin i COLO.

3. Leanbh-Lárnach

Baineann an ceannteideal seo leis an gcomhaontú láidir gur cheart go mbeadh gach beartas agus cleachtas i COLO a bheith bunaithe ar an rud is fearr don leanbh. Thug na rannpháirtithe tacaíocht shoiléir don riachtanas dul i mbun comhairle le leanaí agus éisteacht lena gcuid dearcaí agus beartais agus seirbhísí a mbaineann go díreach leo á bhforbairt. I bhfianaise an chomhaontuithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Caitear an NFQ tacaíocht a thabhairt do dhea-bhraistint agus d'fhorbairt leanaí (0-6) uile na hÉireann. Caitear eilimintí go léir an NFQ, lena n-áirítear caighdeáin, meastóireacht agus meicníochtaí tacaíochta, a bheith bunaithe ar an bhfócas linbh-lárnaigh seo.
Tá gá le forbairt a dhéanamh ar mheicníochtaí agus ar phrótacail chun go mbeadh sé níos éasca éisteacht le dearcaí leanaí ar gach gné d'fhorbairt, de sheachadadh agus de mheastóireacht ardchaighdeáin i COLO. Ba cheart go mbeadh treoirlínte faoi dul i mbun comhairle le leanaí óga mar chuid lárnach den NFQ.

4. Líon Foirne

Baineann an ceannteideal seo go príomhúil leis na saincheisteanna foirne i suímh COLO atá bunaithe i lárionaid. Cuireann sé san áireamh:

- Ábhair imní maidir leis an riachtanas chun cóimheas foirne le leanaí a chur ar fáil atá leordhóthanach chun leibhéil optaimiúla tacaíochta agus idirghníomhaíochta na leanaí a éascú. Éascaíonn cóimheas maith gníomhaíochtaí riachtanacha mar bhreathnóireacht leanaí, taifid a choinneáil, daltaí a mhaoirsiú, dul i dteagmháil le tuismitheoirí srl.;
- An gá atá ann le foireann bainistíochta a bhfuil cáilíochtaí agus saineolas cuí bainistíochta acu;

- An riachtanas atá ann le ham agus acmhainní a chur ar leataobh le haghaidh oibre foirne/neartú foirne agus le comhcheangail a dhéanamh le daoine gairmiúla agus gníomhaireachtaí eile. Ba cheart go mbeadh an t-am seo curtha ar leataobh laistigh de na gnáthuaireanta oibre.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Ba chóir don NFQ treoirlínte soiléire ar chóimheasa aosach-leanaí atá bunaithe ar fhianaise ó thaighde agus ar shárchleachtas a thabhairt. Ba chóir dó treoirlínte a chur ar fáil do chleachtóirí i suímh lárbhunaithe faoi thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí riachtanacha cosúil le hobair foirne, foireann a bhunú, agus cleachtas féinmhachnamhach.

5. Oideachas, Oiliúint agus Cáilíochtaí

Léiríonn an ceannteideal réimse leathan comhaontaithe i measc na rannpháirtithe lena n-áirítear:

- Gaolmhaireacht dhearfach idir ardchaighdeán soláthair in COLO agus cáilíochtaí na foirne;
- An gá le hoideachas, oiliúint, agus cáilíochtaí atá caighdeánaithe agus creidiúnaithe, idir réamhseirbhíse agus inseirbhíse;
- An gá atá ann le hinfrastruchtúr chun an deis a thabhairt do na cleachtóirí uile oideachas, oiliúnt agus cáilíochtaí creidiúnaithe a fháil cibé áit nó uair a dteastaíonn sé uathu;
- An tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach agus an riachtanas atá ann do shainchláir oiliúna a bhaineann le nádúr athruitheach an chleachtais COLO e.g., éagsúlacht, riachtanais speisialta, dearbhú ardchaighdeáin.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Ní mór don NFQ an gaol tábhachtach idir ardchaighdeán COLO agus cáilíochtaí cleachtóirí a léiriú. Caithfidh sé teacht agus tacú le forbairtí i leith caighdeán a leagan síos do cháilíochtaí, nósanna rochtana, aistriú agus dul chun cinn agus nósanna um dheimhniú ardchaighdeáin atá á dhéanamh faoi láthair ag an Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, comhlachtaí Náisiúnta Dámhachtana agus na forais go léir a bhfuil baint acu le forbairt agus seachadadh oideachais agus oiliúna in COLO.

Ní mór dó foráil a dhéanamh d'oideachas agus oiliúint a bhaineann le cur i bhfeidhm an NFQ.

6. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí
Déanann an ceannteideal tagairt, den chuid is mó, don riachtanas atá ann don NFQ tuismitheoirí a aithint mar phríomhchúramóirí agus oideoirí an linbh. Bhí comhaontú láidir faoin riachtanas a bhíonn le rannphairtíocht tuismitheoirí in COLO. Thángthas ar dhearcaí éagsúla tríd an bpróiseas leanúnach. Iarradh ar thuismitheoirí rátaí sásachta a thabhairt maidir le seirbhísí, lena a-áirítear comhpháirtíocht iomlán in oibríochtaí ó lá go lá, bainistíocht agus forbairt seirbhísí. Aontaíodh go raibh sé deacair go minic rannpháirtíocht tuismitheoirí a éascú agus gur cheart don NFQ tacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar an ngné thábhachtach seo d'ardchaighdeán.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Ba chóir don NFQ tacú le forbairt infrastruchtúir a chuideoidh le dearcaí tuismitheoirí maidir le fobairt beartais agus cleachtais in COLO a léiriú. Ina theannta sin, ba chóir dó treoirlínte a sholáthar le haghaidh cleachtóirí i leith rannpháirtíocht tuismitheoirí i soláthar seirbhíse a thacú agus a fhorbairt.

7. Curaclam/Clár
Mar is léir ón gceannteideal, bhain rannpháirtithe úsáid as téarmaí difriúla chun tagairt a dhéanamh den ghá atá ann do threoirlínte náisiúnta cuimsitheacha i leith cleachtais ó lá go lá i suímh COLO ina mbíonn leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois ann. Aontaíodh go raibh gá ag treoir mar sin le hardleibhéal solúbthachta chun riachtanais leanaí a chur san áireamh, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do neamhspleáchas cleachtóirí agus freastal ar réimse leathan curaclaim, clár agus modheolaíochta atá ann faoi láthair in COLO in Éirinn.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Tá An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta(NCCA) i mbun forbairt a dhéanamh faoi láthair ar "I dTreo Creata don Luathfhoghlaim." Soláthróidh an tionscnamh treoirlínte cuimsitheacha maidir leis an gcuraclam do na haosaigh go léir a bhíonn ag obair le leanaí nuabheirthe go haois sé bliana d'aois agus b'fhéidir go réiteodh sé na húdair mní a léirigh na comhpháirtithe sa chomhairliúchán sin. Ba chóir don NFQ tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus scaipeach an tionscnaimh seo.

8. Caighdeáin
Aithníodh go soiléir gur ghné

riachtanach d'fhorbairt ardchaighdeáin a bhí sna caighdeáin in COLO. Thángthas ar an gcomhaontú seo a leanas de bharr ról agus nádúir na gcaighdeán sin:

- Ba chóir dóibh teacht i gcomhar ar na rialacháin, caighdeáin, agus treoirlínte atá ann faoi láthair ;
- Ba chóir go bhfeidhmeodh siad i ngach suímh ina mbíonn páistí ó bhreith go haois sé bliana agus ba chóir dóibh a bheith solúbtha go leor chun freastal ar acu le réimse leathan cleachtais;
- Ba chóir dóibh a bheith bunaithe ar sraith shoiléir luachanna nó prionsabal, ar chóir dóibh teacht ón gcomhaontú an luchta leasa in COLO;
- Ba chóir ábhair feidhmiúcháin a fhorbairt a bheadh éasca le riaradh agus a éascaíonn athbhreithniú rialta ar chleachtas.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Ba chóir treoirlínte soiléire, caighdeánaithe maidir le forbairt beartas, nósanna imeachta agus cleachtais i réimse leathan suímh COLO a bheith mar pháirt den NFQ. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh aon ábhar measúnúcháin a dhéantar forbairt air a bheith simplí, soiléir agus éasca le comhlíonadh.

9. Idirghníomhaíocht idir Aosach agus Leanbh

Tá an ceannteideal ag tagairt don chomhaontaú a d'eascair as ríthábhacht na hidirghníomhaíochta idir aosach agus leanbh i bhforbairt ardchaighdeáin in COLO. Léiríonn sé freisin, breathnóireacht leanaí atá eolach agus cuspóireach leis mar uirlis thábhachtach chun idirghníomhaíocht dhearfach mar sin a fhorbairt.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Ba chóir don NFQ litríocht faoi idirghníomhaíochtaí aosach agus leanbh maidir le forbairt agus soláthar ardchaighdeáin in COLOa chur san áireamh.

Is uirlis thábhachtach í an bhreathnóireacht nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar ardchaighdeán idirghníomhaíochtaí idir aosach agus leanbh agus ba chóir don NFQ treoirlínte agus beartais a chur san áireamh faoin saincheist thábhachtach seo.

10. Meas ar an Éagsúlacht

Déanann an ceannteideal seo tagairt don chomhaontú suntasach atá ann go gcaithfidh foráil COLO a bheith bunaithe ar mheas bunúsach a bheith ann ar an éagsúlacht sa tsochaí. Tá dhá pheirspíctocht lárnacha i gceist

anseo. An chéad pheirspíctíocht ná go gcaithfidh meas a bheith againn ar leanaí agus teaghlaigh, beag beann ar a n-imthosca, nuair a bhímid ag deileáil leo. Ar an dara dul síos, ba chóir go mbeadh beartas agus cleachtas atá difriúil agus a thugann tacaíocht do dhifríochtaí mar thoradh ar indibhidiúlacht leanaí a aithint.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Is saincheist lárnach é meas a bheith ann ar an éagsúlacht, agus ní mór dó a bheith mar pháirt lárnach d'fhorbairt an NFQ. Ba chóir go mbeadh léirmheas ar litríocht agus ar shárchleachtas faoin saincheist seo mar bhonn leis an bpróiseas forbartha seo.

11. Líonrú, Naisc, agus Faisnéis

Déanann an ceannteideal tagairt don chomhaontú a d'eascair i leith an riachtanais atá ann chun líonraí a bhunú ar leibhéal aitiúil, réigiúnach, agus náisiúnta a chuideoidh le faisnéis agus sárchleachtas a roinnt i measc chleachtóirí COLO. Cuireadh béim ar an gcaoi gur chóir de na líonraí seo cur le hinfrastruchtúr atá ann cheana féin agus rinneadh roinnt moltaí praiticiúla a bhaineann le nádúr struchtúir líonrúcháin, lena n-áirítear ionad imréitigh do thaighde agus faisnéis, córais mheantóireachta do chleachtóirí ar gach leibhéal, grúpaí díospóireachta, agus línte cabhracha teileafóin. D'eascair téama ar leith ón gceannteideal seo a bhfuil baint aige leis an riachtanas atá ann chun COLO a chur chun cinn agus a phróifíl a mhéadú laistigh den tsochaí go ginearálta.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Ba chóir don NFQ cuidiú le forbairt infrastruchtúir chun tacaíocht a thabhairt do líonrú agus chun freastail ar riachtanais faisnéise do réimse leathan de lucht leasa i gCOLO. Ba chóir dó cur le hinfrastructúr agus saineolas atá ann cheana agus ba chóir go mbeadh teacht air ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, agus áitiúil.

12. Measúnú

Déanann an ceannteideal tagairt don chomhaontú atá leagtha síos ag rannpháirtithe i leith meicníochtaí measúnúcháin in COLO. Roinntear in dhá rannóg shoiléire é; measúnú seachtrach agus measúnú inmheánach. Rinne an measúnú seachtrach tagairt don chuid is mó do chórais chigireachta atá ann faoi láthair a oibríonn laistigh de COLO. Thug tuairimí le fios go raibh gá le:

- Cigirí agus measúnóirí atá lánchláilithe in COLO;
- Measúnú faisnéise agus tacaíochta;
- Machnamh a dhéanamh ar athróg

dhinimiciúil an ardchaighdeáin;
- Caighdeánú, comhordú, agus leanúnachas maidir le cigireacht sheachtrach.

Is féidir measúnú inmheánach a mhíniú mar phróiseas leanúnach ón gcleachtóir aonair go dtí an fhoireann laistigh d'ionad agus ar deireadh go dtí an pobal cleachtais i gcoitinne a bhfuil baint acu le COLO. Bíonn athbhreithniú agus machnamh i gceist i gcoitinne ar chleachtas chun forbairt agus feabhais a bhaint amach. Bhí an dearcadh ann go raibh sé riachtanach d'fhorbairt ardchaighdeáin.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Ní mór don NFQ éagsúlacht na gcur chuige atá ann i leith ardchaighdeáin a mheasúnú a chur san áireamh. Ní mór dóibh freisin freastal ar an gcleachtas atá ann faoi láthair chomh maith le tacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh air nuair is gá chun na leibhéil leanúnachais agus comhordúcháin atá ag teastáil a bhaint amach.

Ní mór do mheasúnú ar ardchaighdeán a bheith ábhartha agus baint a bheith ag an lucht leasa go léir i leith soláthair COLO. Ní mór don NFQ an tábhacht a bhaineann le measúnú inmheánach ag gach pointe an phróisis leanúnaigh seo a aithint agus a thacú.

13. Tacaíocht, Tiomantas agus Cistiú ón Rialtas

Léiríonn an ceannteideal sin an comhaontú aonchiallach nach féidir ardchaighdeán a bhaint amach in COLO ach amháin má bhíonn tacaíocht láidir ón le fáil rialtas . Is féidir an tacaíocht seo a bhaint amach trí bheartas soiléir agus comhordaithe a bheith ag gach Roinn. D'eascair tacaíocht airgeadais mar shaincheist thábhachtach do rannpháirtithe agus bhí an dearcadh ann go raibh tacaíocht státchiste riachtanach do COLO d'inbhuanaitheacht fáis agus forbartha. Aithníodh go raibh cistiú riachtanach faoi cheannteidil éagsúla lena n-áirítear, forbairt d'infrastruchúr, infheistíocht chaipitiúil i soláthar seirbhíse, téarmaí agus coinníollacha leordhóthanacha d'fhostú foirne agus tacaíocht do rogha na dtuismitheoirí do COLO.

De bharr an chomhaontaithe sin déantar na moltaí seo a leanas:

Ní mór do thacaíocht ón rialtas do COLO in Éirinn a bheith léirithe go soiléir le foilsiú beartas straitéiseach comhordaithe agus leithroinnt leordhóthanach de thacaíocht airgeadais chun na tiomantais beartais seo a chothú agus a bhaint amach.

Conclúid

Reáchtáladh an próiseas comhairliúcháin seo ar an tuiscint gur chóir foirmiú an NFQ a bheith bunaithe ar réimse leathan chomhairliúcháin leis an lucht leasa i leith cúraim agus oideachais luathóige in Éirinn. Ba mhian leis an LFOLO a bhuíochas a athghabháil le gach duine a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin agus a raibh ról lárnach acu dá bharr sin i bhforbairt an NFQ.

Soláthraíonn an stór sonraí a tháinig as na seimineáir chomhairliúcháin atá leagtha amach sa tuarascáil seo léargas fíorluachmhar ó ghrúpaí an-éagsúla den lucht leasa. Tagann sé seo le gnéithe eile d'obair an LFOLO chun an NFQ a fhorbairt, cosúil leis an gCreatlach Choincheapúil agus an t-athbhreithniú ar shárbheartas agus sárchleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Samhlaítear anois go mbeidh na gnéithe seo nasctha agus snaidhmthe le chéile chun na príomhghnéithe den NFQ a dhéanamh, i.e. tacar caighdeán d'ardchaighdeáin náisiúnta, agus meicníocht chun gnóthachtáil na gcaighdeán sin i gcúram agus oideachas na luathóige agus a chur i bhfeidhm agus a thacú in Éirinn.

Tá an LFOLO tiomanta do chomhairliúcháin leanúnach i bhforbairt an NFQ agus táimid ag tnúth le níos mó comhoibriúcháin agus comhpháirtíochta leis an rannóg sa phróiseas an NFQ a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Sain-Leabharliosta

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2001). *Programme of Work*. Baile Átha Cliath An tIonad um Luathfhorbairt agus Oideachas an Pháiste

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (le foilsiú). *A Conceptual Framework on how Young Children Develop and Learn in Ireland*. Baile Átha Cliath. An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999) *Ready to Learn- Páipéar Bán ar Oideachas Luathóige* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Notaí